
# Clár na nÁbhar

Príomhphointí Airgeadais 2
Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais 4
Stiúrthóirí agus Eolas Eile 5
Ráiteas an Chathaoirligh 10
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 16
Tuarascáil na Stiúrthóirí 22
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha 30
Beartais Chuntasaíochta 32
An Cuntas Brabúis agus Caillteanais 39
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 40
An Clár Comhardaithe 41
An Ráiteas ar Athruithe ar Iomlán na Ghnáthscaireanna 42
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 43
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 44
Staitisticí faoin gCalafort 68




# Príomhphointí Airgeadais


## **Láimhdeachas** (€m)





## **Brabús Oibriúcháin** (€m)




## **Brabus i ndiaidh Chánachais** (€m)





## **Caiteachas Caipitil** (€m)





## **Iomlán na nGnáthscaireanna** (€m)




## **Díbhinní** (€m)




## **TRÚCDA** (€m)



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | 77,674 | 72,089 |
| Brabús Oibriúcháin | 42,941 | 36,141 |
| Corrlach Oibriúcháin (%) | 55.3% | 50.1% |
| **TRÚCDA** | 49,306 | 43,243 |
| **TRÚC** | 42,941 | 36,141 |
| Glanmhuirir Úis | 833 | 1,037 |
| **Clúdach Úis** | | |
| - Bonn TRÚCDA (uaireanta) | 59.2 | 41.7 |
| - Bonn TRÚC (uaireanta) | 51.5 | 34.9 |
| **Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan** | 35,074 | 16,887 |
| Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan mar chéatadán d'iomlán an chaipiteal gnáthscaireanna (%) | 10.7% | 5.9% |
| Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan mar chéatadán de shócmhainní seasta (%) | 11.9% | 5.9% |
| **Fáltas as Caipiteal a Úsáideach (RCÚ/ROCE) (%)** | 14.4% | 12.3% |

TRÚC - tuilleamh roimh chostais airgeadais agus cháin
TRÚCDA - tuilleamh roimh chostais airgeadais, cháin, dhímheas, amúchadh, mhíreanna eisceachtúla agus chostais neamheisceachtúla iomarcaíochta
Clúdach úis - cóimheas TRÚCDA nó TRÚC le glanmhuirir úis
RCÚ - cóimheas an bhrabús oibriúcháin leis an gcaipiteal meánach úsáidte

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **TRÚC** | **42,941** | **36,141** |
| Dímheas | 7,654 | 10,113 |
| Amúchadh | -489 | -491 |
| Míreanna Eisceachtúla | -800 | -775 |
| Costais Neamheisceachtúla iomarcaíochta | | -1,745 |
| **TRÚCDA** | **49,306** | **43,243** |

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile



## Lucy McCaffrey
**AN CATHAOIRLEACH**

Tá Lucy McCaffrey tríocha bliain i mbun oibre agus le linn an ama sin, tá obair déanta aici mar chomhairleoir gnó le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon in Éirinn agus le comhlachtaí mórcháile ilnáisiúnta san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Afraic. I 1992, i ndiaidh roinnt blianta a bheith curtha isteach aici le Synetics Inc., gnólacht comhairleoireachta i gcúrsaí nuálaíochta atá lonnaithe i mBostún, bhunaigh Lucy Latitude, gnólacht comhairleoireachta a dhíríonn go sainiúil ar thacaíocht a thabhairt maidir le hathrú straitéiseach eagraíochtúil. Tá tionscadail éagsúla déanta ag Latitude san earnáil phríobháideach, ina measc, tionscadail a bhaineann le seirbhísí airgeadais, le déantúsaíocht, leis an earnáil ghairmiúil agus leis an earnáil seirbhísí. Maidir leis an earnáil phoiblí, tá cláir athraithe éascaithe ag Latitude i réimse leathan eagraíochtaí agus tá tionscnaimh déanta ag an gcomhlacht le héifeachtúlacht agus comhoibriú idireagraíochtúil a chothú.

Cheap an tAire Iompair Lucy mar Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath den chéad uair i mí na Nollag, 2009 agus athcheapadh í in 2014. Tá Lucy mar Stiúrthóir ar Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, bhí sí mar Stiúrthóir ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ó 1997 go 2002, agus chaith sí tréimhse cúig bliana ar bhord Ionad Project Arts (1988-1993).



## Eamonn O'Reilly
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

Ceapadh Eamonn O'Reilly ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Lúnasa, 2010. Roimhe sin, ó 2005 go 2010, bhí sé mar Phríomhfheidhmeannach ar Portroe Stevedores, gnólacht a láimhseálann lastas. Le linn an ama sin, ba é Eamonn an bainisteoir forbartha grúpa freisin ag máthairchomhlacht Portroe, Grúpa Loingseoireachta Doyle.

Sula ndeachaigh Eamonn le Grúpa Loingseoireachta Doyle, ba é an Bainisteoir Tionscadal é in Securicor Ireland. Tá obair déanta aige mar chomhairleoir bainistíochta do KPMG agus bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Marine Terminals Limited ó 1992 go 1996.

Is innealtóir cairte é Eamonn, é ina chéimí de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, agus tá céim mháistreachta aige i riarachán gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is ball d'Innealtóirí Éireann é Eamonn.



## Paul Bates
**STIÚRTHÓIR**

Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Paul ar an mBord i mí Mheán Fómhair, 2013. Tá 44 bliain caite aige ag obair sa Státseirbhís, é bunaithe i Ranna Rialtais éagsúla. Chaith sé 18 mbliana ag plé le cúrsaí Turasóireachta agus 4 bliana mar Chomhairleoir Tráchtála le hIonadaíocht Bhuan na hÉireann san AE sa Bhruiséil. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí an Mhárta, 2013, bhí Paul mar Ard-Rúnaí Cúnta agus mar Cheannasaí ar an Rannóg Turasóireachta sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá taithí ag Paul ar bheartais straitéiseacha a fhorbairt agus a anailísiú, ar chláir a dhearadh agus a bhainistiú, ar ghníomhaireachtaí stáit a athstruchtúrú, ar fhorais stáit a rialú agus ar reachtaíocht a dhréachtú.

Rinne Paul staidéar ar an eacnamaíocht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus tá Clár Dhúshlán Ceannasaíochta na Rúnaí Cúnta in Ollscoil Harvard déanta aige.

Roimhe seo, cheap an Rialtas Paul mar chomhalta de Bhord Scannán na hÉireann, mar Stiúrthóir ar Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teo. agus mar Stiúrthóir ar an Tionscadal Margaíochta Turasóireachta Thar Lear Teo.

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile



## Helen Collins
**STIÚRTHÓIR**

Chuaigh Helen ar an mBord i mí Lúnasa, 2012. Is dlíodóir í agus ba comhpháirtí í in McCann FitzGerald suas go dtí 2010. Ba Cheann Roinne í ar feadh tamaill le linn na tréimhse 10 mbliana a chaith sí ag plé le dlíthíocht tráchtála. Bhíodh sí ag plé le cásanna casta ardcháile a dhírigh go háirithe ar dhlí cuideachtaí, baincéireachta, árachais, rialála, AE, Bunreachta agus riaracháin. Le linn a gairme in McCann FitzGerald, ba leathan an taithí a fuair sí i gcúrsaí bainistíochta agus meantóireachta.

Is ball í Helen de Phainéal Bhinse Fiosraithe Achomharc Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann, is idirghabhálaí creidiúnaithe CEDR í, agus tá sí ina ball de Chumann Idirghabhálaithe Tráchtála na hÉireann.



## Geoffrey Darling
**STIÚRTHÓIR**

Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Geoff ar an mBord i mí Iúil, 2014. Is comhairleoir loingseoireachta agus infheisteoir i longa é Geoff. Tá taithí dhá scór bliain agus tuilleadh aige sa tionscal loingseoireachta, ar muir agus ar tír araon.

Is comhairleoir é Geoff do ghrúpa príobháideach infheistíochta sa tionscal loingseoireachta agus is ball bunaidh den ghrúpa céanna é. Déanann an comhlacht comhinfheistíochtaí i longa agus tógann sé longa i réimsí éagsúla den mhargadh loingseoireachta. Mar chomhairleoir, cuireann Geoff comhairle ar chliaint éagsúla maidir le gnéithe tráchtála agus oibríochtúla araon den tionscal loingseoireachta.

Ó 1992 go 2005, ba scairshealbhóir bunaidh/stiúrthóir é Geoff ar chomhlacht neamhspleách cairtfhostaithe agus oibríochtaí a bhíonn ag plé le longa cuisnithe agus a fhreastalaíonn ar chliaint éagsúla ar úinéirí long nó infheisteoirí i longa iad. Sa lá atá inniu ann, tá an comhlacht ar na bainisteoirí linnte agus ar na sainoibritheoirí is ardcháile ó thaobh soithí cuisnithe de.  Ba é Geoff and Príomhoifigeach Oibríochtaí agus ba Stiúrthóir é ar an gcomhlacht sin, dhá ról a thug deis dó a bheith páirteach i ngach gné de ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Tá taithí mhór aige ar a bheith ag obair le calafoirt ar fud an domhain mar chustaiméir.

Ar tír, bhí Geoff ina Bhainisteoir Oibríochtaí ag úinéir long (1989 go 1992) agus ba Phleanálaí Coimeádán é do chuibhreannas comhlachtaí loingseoireachta (1985). Is Máistirmhairnéalach cáilithe Rang 1 é Geoff agus tá breis agus 15 bliana (1972 go 1989) caite aige ar muir, é ag feidhmiú ag céimeanna éagsúla ó Dhalta go Captaen ar réimse de longa éagsúla agus iad i mbun trádála ar fud an domhain. Sula ndeachaigh Geoff le saol na loingseoireachta, d'obair sé i mBanc na hÉireann.



## Pat Magner
**STIÚRTHÓIR**

Chuaigh Pat Magner ar Bhord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil, 2007 nuair a cheap an tAire Iompair, Noel Dempsey TD, é. Is iar-Sheanadóir é Pat. Cheap an Taoiseach Garrett FitzGerald TD é sa 15ú agus sa 17ú seisiún de Sheanad Éireann. D'ainmnigh an Taoiseach Albert Reynolds TD é don 20ú seisiún den Seanad ó 1993 go 1997 freisin. Is iarchomhalta é Pat de Choiste Náisiúnta Feidhmiúcháin Pháirtí an Lucht Oibre agus bhí sé mar Stiúrthóir Oibríochtaí ag an bpáirtí ar feadh tamall de bhlianta. Bhí sé mar chomhairleoir ag an Tánaiste ag tréimhsí éagsúla agus an páirtí sa Rialtas. Faoi láthair, is Comhairleoir Gnóthaí Poiblí é Pat. Bhíodh sé ina Bhall Comhairleora d'Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath agus ba é an Cathaoirleach é ar Thascfhórsa na Canála Móire agus na Canála Ríoga



## John Moore

**STIÚRTHÓIR**

Chuaigh John Moore ag obair le Bord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath i 1977. Bhí róil éagsúla shinsearacha aige san eagraíocht ó shin, ina measc, an Ceannasaí Soláthair agus an Ceannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach. Faoi láthair, tá sé ag obair sa Rannóg Cothabhála agus Seirbhísí sa Chomhlacht. Chuaigh sé ar an mBord in 2007 agus athcheapadh in 2012 é.

Is é John an duine lárnach maidir le calafoirt na hÉireann atá páirteach i gClár Oiliúna Calafort na Náisiún Aontaithe, a dhíríonn ar acmhainní oiliúna a láidriú agus acmhainní daonna na bpobal calafoirt i dtíortha i mbéal forbartha a fhorbairt.

Tá an clár do Stiúrthóirí Cairte in Institiúid na Stiúrthóirí Cairte déanta ag John. Tá Baitsiléir Ealaíon sa Bhainistíocht agus Máistreacht i Staidéar Beartas Eacnamaíochta aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Ball Céimithe é d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus is ball é d'Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha.

Tá John ina bhall de SIPTU agus faoi láthair, tá sé ar choiste feidhmiúcháin Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí Oibritheora na hÉireann.



## Michael Sheary

**RÚNAÍ AGUS PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS AN CHOMHLACHTA**

Chuaigh Michael Sheary isteach sa Chomhlacht i 1982 agus d'obair sé i róil éagsúla shinsearacha, Rialaitheoir Cúnta Airgeadais ina measc, go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí agus Príomhoifigeach Airgeadais an Chomhlachta in 2001. Ó shin i leith, tá Michael i mbun maoirseachta ar fheidhmeanna airgeadais, dlí agus riaracháin an Chomhlachta agus tá sé freagrach freisin as oibríochtaí Bainistíochta an Eastáit agus na Saoráidí.

Bhain Michael cáilíocht amach mar Chuntasóir Deimhnithe Cairte i 1988 agus tugadh isteach mar Chomhalta i gCumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte i 1996 é. Tá Michael ina Stiúrthóir ar Nasc Thoir Teo. agus is Iontaobhaí é ar scéim pinsin Sochar Sainithe Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.

### AN RÚNAÍ AGUS AN OIFIG CHLÁRAITHE

**Michael Sheary**
Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1

**Uimhir Chláraithe : 262367**

### PRÍOMHBHAINCÉIRÍ

**Bank of Ireland**
Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

### INIÚCHÓIRÍ

**PricewaterhouseCoopers**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
A hAon Duga Spencer
Cé an Bhalla Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

### DLÍODÓIRÍ

**Beauchamps Solicitors**
Bruach na hAbhann a Dó
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

**Eversheds**
A hAon Ionad Earlsfort
Ardán Earlsfort
Baile Átha Cliath 2

**Mason Hayes & Curran**
Teach an Phoirt Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4

### ACHTÚIRÍ

**Mercer**
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2

## Báisín Alexandra Thiar á dhoimhniú agus á athchumrú le freastal ar shoithí níos mó

Ar na hoibreacha a dhéanfaimid ar Bháisín Alexandra Thiar tá doimhniú agus atógáil ballaí cé, thart ar 800m ar fad, síneadh 130m le Cé Alexandra Thiar, agus tochailt agus athchóiriú Dhuga Grábhála stairiúil Uimhir 1.

Beidh dreidireacht ar siúl againn síos go doimhneacht 10.0m faoin Tagar Cairte ar achar 194,000m$^2$ i mBáisín athfhorbartha Alexandra.





# ndra Thiar á umrú

# Ráiteas an Chathaoirligh



**INTREOIR**

**Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath freagrach de réir reachta as Calafort Átha Cliath a bhainistiú go héifeachtach; is é an calafort an mol is mó agus is tábhachtaí in Éirinn ó thaobh trádála idirnáisiúnta de. Cuireann an Comhlacht an bonneagar agus na saoráidí cuí ar fáil lena chinntiú go mbíonn bealach gan chonstaic isteach agus amach as geilleagar na tíre seo – atá ar cheann de na geilleagair is oscailte san AE – ag iompórtálacha agus easpórtálacha.**

Tá fís an Chomhlachta maidir le toilleadh a chur ar fáil sa todhchaí leagtha amach i gcomhthéacs ár róil mar éascaitheoir don trádáil i Máistirphlean 2012-2040; aithnítear freisin ann an tábhacht uileghabhálach a bhaineann lena chinntiú go bhfuil bonneagar nua-aimseartha, éifeachtach i bhfeidhm againn le freastal ar riachtanais an gheilleagair, atá i mbun fáis.

Fís atá sa Mháistirphlean maidir le hoibríochtaí sa Chalafort sa todhchaí agus déantar scrúdú criticiúil ann ar an dóigh ar féidir úsáid reatha na talún i gCalafort Átha Cliath a bharrfheabhsú. Maidir leis an gceist seo, tá bunghealltanas sa Mháistirphlean go bhforbróidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath an Calafort laistigh de na teorainneacha atá ann faoi láthair oiread agus is féidir sula smaoineofar ar dhul i mbun oibríochtaí míntíriúcháin.

Chomh maith leis an mbonneagar, aithnítear sa Mháistirphlean na naisc láidre stairiúla idir an Calafort agus an Chathair agus féachtar lena chinntiú go gcuirfidh cibé forbairtí a dhéanfaimid ar bhonneagar an chalafoirt amach anseo le himeascadh an Chalafoirt leis an gCathair.

Tá na croíphrionsabail atá mar bhunús le Máistirphlean 2012-2040 an Chomhlachta daingnithe ag an Rialtas agus tá sé dearbhaithe ag an Rialtas freisin go bhfuil forbairt leanúnach tráchtála Comhlacht Chalafort Átha Cliath mar phríomhchuspóir straitéiseach i mBeartas na gCalafort Náisiúnta.

Tá áthas orm a rá go raibh bliain an-rathúil ag an gComhlacht. Léiríonn an rathúlacht sin an tábhacht a bhaineann le creat daingean pleanála a bheith i bhfeidhm.



## FEIDHMÍOCHT TRÁDÁLA AGUS AIRGEADAIS

Tháinig méadú ar an méid ábhair a cuireadh tríd an gCalafort den tríú bliain as a chéile. Láimhseáladh níos mó ábhair ná riamh in 2015: 32.8m tonna, arb ionann é agus méadú 6.4% le hais na bliana roimhe sin.

Bhain an fás le hiompórtálacha agus easpórtálacha araon. Mhéadaigh na hiompórtálacha 6.5% ó 18.3m tonna go 19.5m tona, agus mhéadaigh na heaspórtálacha 6.4% ó 12.5m tonna go 13.3m tonna. Leanadh leis an bhfás láidir san earnáil aonadaithe go háirithe inar mhéadaigh an toilleadh 7.3% go 27.2m tonna. Mhéadaigh an toilleadh san earnáil neamhaonadaithe 2.5% go 5.7m tonna.

Bhí an fás ar thoilleadh an ábhair a cuireadh tríd an gCalafort ar cheann de na cúiseanna a raibh feidhmíocht láidir airgeadais ag an gComhlacht. Léirítear an fás sna figiúiri seo thíos:

- Mhéadaigh láimhdeachas 7.8% ó €72.1m go €77.7m
- Mhéadaigh an Brabús Oibrúcháin 18.8% ó €36.1m go €42.9m
- Mhéadaigh an brabús don Bhliain Airgeadais 19.0% ó €30.6m go €36.4m
- Mhéadaigh tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh (TRÚCDA) 14.0% ó €43.2m go €49.3m to €49.3m
- Tháinig méadú ar ghlanairgead tirim ó €16.9m go €35.1m.

## TIONSCADAL ATHFHORBARTHA BHÁISÍN ALEXANDRA

I bhfianaise an fháis láidir le trí bliana anuas ar thoilleadh – an méid ábhair a cuireadh tríd an gCalafort 6.2% níos airde anois ná mar a bhí an buaicmhéid roimhe seo in 2007 – agus chun teacht leis na gealltanais atá leagtha amach i Máistirphlean 2012-2040, tá tús curtha ag an gComhlacht leis an gcéad mhórthionscadal atá luaite sa Mháistirphlean: Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra.
I mí an Mhárta, 2014 chuir an Comhlacht iarratas pleanála don fhorbairt seo faoi bhráid an Bhord Pleanála, de réir mar a éilítear i reachtaíocht faoi Bhonneagar Straitéiseach. Chuamar i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara nuair a bhí na gnéithe deartha den iarratas á n-ullmhú againn agus go háirithe nuair a bhí an obair mhór leathan idir lámha ar an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus ar an Measúnú Cuí. Ábhar mór misnigh ba ea an leibhéal tacaíochta agus dea-thola a léiríodh don tionscadal. Bhí Éisteacht Ó Bhéal ag an mBord Pleanála maidir leis an iarratas i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tugadh cead pleanála don tionscadal ar an 8ú Iúil, 2015 faoi Alt 37G den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000.

Anois go bhfuil cead pleanála tugtha, tá cead breise á lorg faoi láthair i dtaca leis na ceadúnais riachtanacha seo a leanas: Ceadúnas Urthrá, Ceadúnas Dumpála san Fharraige agus Ceadúnas faoin Treoir um Astuithe Tionsclaíocha. Tá socruithe á ndéanamh freisin chun na hoibreacha tionscadail a dhéanamh ar thaobh iartharach Bháisín Alexandra, obair ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta, 2016.

Chítear dúinn gurb é an tionscadal seo an fhorbairt is suntasaí ar bhonneagar na gCalafort leis na scórtha bliain. Cuirfear acmhainneacht bhreise láimhseáil lastais ar fáil agus ullmhófar an Calafort chun déileáil le cásanna a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí maidir le glacadh le soithí níos mó (ó thaobh faid agus tarraingthe de araon).

Áireofar san fhorbairt:

- Ballaí na cé ag Síneadh Ché an Bhalla Thuaidh a dhoimhniú agus a athchumrú, thart ar 1,000m ar fad,
- Ciorcal casta a sholáthar do longa,
- Cé róró nua 250m a sholáthar mar aon le dhá bheart nua róró sa bháisín istigh,
- Ballaí na cé ag Báisín Alexandra Thiar a dhoimhniú ath-thógáil, thart ar 800m ar fad,

# Ráiteas an Chathaoirligh
(ar lean)

- Cé Alexandra Thiar a shíneadh ar thart ar 130m,
- An báisín ag beart 52/53 a líonadh isteach agus beart úr abhann 300m a thógáil,
- Dreidireacht a dhéanamh ar an bhealach loingseoireachta go doimhneacht 10m faoin Tagar Cairte chun an bealach a éascú do shoithí níos mó.

Thart ar €227m an costas measta leis an tionscadal seo a chríochnú sna cúig bliana atá amach romhainn. Tá áthas orm a rá gur éirigh linn maoiniú a fháil ón AE agus ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa don tionscadal.

Tá deontas i gcabhair ar fiú €22.8m san iomlán é ceadaithe ag coimisiún an AE don tionscadal faoi Shaoráid Nascadh na hEorpa. Táimid ag dúil lena bheith ag obair leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin do Nuálaíocht agus Líonraí a dhéanfaidh maoirseacht ar na próisis agus ar na gnáthaimh a bhaineann le tarraingt an deontais seo.

I mí na Nollag, 2015, shíníomar Conradh Airgeadais le Banc Infheistíochta na hEorpa maidir le saoráid airgeadais do thionscadal €100m. Soláthraíonn an tsaoráid 20 bliain seo airgead don fhadtéarma, rud atá ag teacht le fadtéarma na hinfheistíochta bonneagair. Cinntíonn sé freisin go bhfuil maoiniú ar fáil ar bhonn iomaíoch agus ligeann sé dúinn an tionscadal a mhaoiniú go coimeádach, rud atá ag teacht lenár gcuspóirí Straitéiseacha.

Is é Tionscadal an Bháisín an chéad mhórthionscadal atá á thabhairt chun cinn faoi Mháistirphlean an Chomhlachta 2012-2040 agus cuirfidh sé go mór le gnóthú an chuspóra fhoriomláin sa Mháistirphlean, mar atá dúbláil ar an méid ábhair a chuirtear tríd an gCalafort go 60.0m tonna faoi 2040 a éascú.

Freastalóidh an tionscadal freisin ar athlonnú soithí cúrsála sna bearta nuathógtha ilfheidhme ag Síneadh Ché an Bhalla Thuaidh, rud a thabharfaidh níos cóngaraí do lár na cathrach iad agus atá ag teacht lenár bhfís an Calafort a imeascadh an athuair leis an gCathair.

**FOCAL SCOIR**

Agus bailchríoch á cur ar Thuarascáil Bhliantúil 2015, tá an fás a bhí ann le trí bliana anuas ag leanacht leis i gcéad ráithe 2016. Aithníonn an Bord an ról fíorthábhachtach atá ag an gCalafort chun an bonneagar atá de dhíth le freastal ar an ngeilleagar trádála a chur ar fáil. Tá an Bord den tuairim gur chóir a bheith chun tosaigh ar na riachtanais toillidh sna blianta atá amach romhainn agus gur chóir é sin a bheith mar bhunphrionsabal a threoróidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath as seo amach.

Beidh an bhliain seo atá amach romhainn tábhachtach ó thaobh pleanála de agus de réir mar a leanfaimid ar aghaidh lenár bpleananna forbartha don Chalafort, oibreoimid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go gcuirfear toilleadh calafoirt ar fáil ar dhóigh inmharthana. Oibreoimid i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go háirithe maidir le hathdhréachtú Plean Forbartha na Cathrach agus leis na moltaí i dtaca húsáid na talún i Leithinis an Phoill Bhig.

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as an obair atá déanta acu le bliain anuas.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin don fhoireann bhainistíochta agus don fhoireann ar fad i gComhlacht Chalafort Átha Cliath as a dtiomantas leanúnach do rath an Chalafoirt. Aithním go háirithe ceannasaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh, Eamonn O'Reilly, agus an dóigh ghairmiúil ar stiúir sé an Comhlacht tríd an bpróiseas pleanála do Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra. Cinneadh dearfach ón mBord Pleanála an toradh a bhí ar na hiarrachtaí sin.

Gabhaim buíochas lenár gcustaiméirí as gnó a dhéanamh linn agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as an gcuidiú agus as an tacaíocht atá tugtha acu dúinn sa tréimhse atá faoi chaibidil.

Mar fhocal scoir, tá buíochas ag gabháil don Aire agus dá fhoireann sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a dtacaíocht leanúnach agus as a gcomhoibriú gníomhach in 2015.

**Lucy McCaffrey**
An Cathaoirleach

31ú Márta, 2016

## Beidh an méid seo a leanas i gceist le Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra:

1. **Ballaí na cé ag Síneadh Ché an Bhalla Thuaidh a dhoimhniú agus a athchumrú, thart ar 1,000m ar fad**

2. **Ciorcal casta a sholáthar do longa**

3. **Cé róró nua 250m a sholáthar mar aon le dhá bheart nua róró sa bháisín istigh**

4. **Ballaí na cé ag Báisín Alexandra Thiar a dhoimhniú agus a atógáil, thart ar 800m ar fad**

5. **Cé Alexandra Thiar a shíneadh ar thart ar 130m**

6. **A báisín ag beart 52/53 a líonadh isteach agus beart úr abhann 300m a thógáil**

7. **Dreidireacht sa bhealach loingseoireachta go doimhneacht 10m faoin Tagar Cairte chun an bealach a éascú do shoithí níos mó**

# Cainéal n
# do shoithí ní

# íos doimhne
# os mó





## Beidh dreidireacht á déanamh sna cainéil isteach againn síos go doimhneacht 10.0m faoin Tagar Cairte

Cuirfimid tús le tógáil struchtúir leis an muiríne a chosaint. Beidh sé 7.0m ar airde os cionn an Tagair Chairte agus sínfidh sé fad 220m feadh bhruach theas chainéal na habhann. Beimid ag dreidireacht cainéal na Life go doimhneacht 10.0m faoin Tagar Cairte ó phointe thart ar 55m soir ó Dhroichead an Nasc Thoir chomh fada le suíomh gar do Bhaoi Chuan Bhaile Átha Cliath i gCuan Bhaile Átha Cliath; fad 10,320m a bheidh i gceist.

# Athbhreithniú an Príomhfheidhmeannaigh



## ATHBHREITHNIÚ TRÁDÁLA CHALAFORT ÁTHA CLIATH

**Ba bhliain thar a bheith rathúil í 2015 óir tháinig fás 6.4% ar an olltonnáiste agus faoi dheireadh na bliana bhí 32.8m olltonna curtha tríd an gCalafort, níos mó ná aon bhliain eile riamh agus 6.2% níos airde ná an méid is mó go dtí sin in aon bhliain amháin, 30.9m tonna in 2007.**

Bhí fás mór ar iompórtálacha agus ar easpórtálacha araon, rud a léiríonn feidhmíocht ghinearálta dhearfach an gheilleagair le linn na bliana.

| '000 olltonna | 2015 | 2014 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Iompórtálacha | 19,549 | 18,358 | 6.5% |
| Easpórtálacha | 13,289 | 12,491 | 6.4% |
| **Iomlán** | **32,838** | **30,849** | **6.4%** |

Mhéadaigh an t-olltonnáiste aonadaithe cumascaithe (róró agus lóló) 7.3% in 2015.

Tá an lámh in uachtar ag modhanna aonadaithe inár ngnó, iad ag dul i dtreise le tamall anuas agus 82.7% dár ngnó bunaithe orthu. Deich mbliana ó shin, modhanna aonadaithe a bhí i 76.9% d'iomlán an olltonnáiste.

| '000 olltonna | 2015 | 2014 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Róró | 21,191 | 19,796 | 7.1% |
| Lóló | 5,960 | 5,507 | 8.2% |
| Bulcleachtanna | 3,857 | 3,624 | 6.4% |
| Bulcsholaid | 1,780 | 1,885 | (5.6%) |
| Bulc Briste | 50 | 37 | 35.1% |
| **Iomlán** | **32,838** | **30,849** | **6.4%** |
| *Aonadaithe* | 27,151 | 25,303 | 7.3% |
| *Neamhaonadaithe* | 5,687 | 5,546 | 2.5% |

Tháinig méadú 6.8% ar líon na n-aonad róró i mbliana go 877,826, agus bhí méadú 8.6% ar TEU lóló go 614,226. Is é Calafort Átha Cliath an calafort is mó agus is gasta fáis in Éirinn ó thaobh lastas aonadaithe de agus mhéadaigh ár sciar-na de thoilleadh iomlán na hÉireann go 49.3% i gcás róró agus go 54.9% i gcás lóló.



| | 2015 | 2014 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Aonaid róró | 877,826 | 821,876 | 6.8% |
| TEU lóló | 614,226 | 565,698 | 8.6% |

Táscaire eile den gheilleagar baile a bheith ag dul i bhfeabhas is ea líon na bhFeithiclí Trádála a tháinig tríd an gCalafort a bheith ard in 2015: 102,149 acu a cuireadh tríd, ardú 25.8% le hais 2014.

Maidir leis na modhanna builc níos lú (leachtanna, solaid agus bulc briste), bhí an fás níos ísle ná i gcás na modhanna aonadaithe; 2.5% an fás a bhí ann.

Taobh istigh de na modhanna builc, bhí méadú láidir ar an méid Bulcleachtanna (táirgí peitriliam den chuid is mó), rud nach rabhthas ag súil leis. Mhéadaigh sé 6.4% go 3.9m tonna, figiúr nach bhfuil ach 5.4% níos ísle ná an toilleadh bliantúil is airde riamh, in 2008. Fágann sé seo go bhfuil an buaictoilleadh bliantúil, 4.0m tonna, atá réamh-mheasta inár Máistirphlean go 2040 chóir a bheith bainte amach.

Thit toilleadh na mBulcsholad 5.6% go 1.8m tonna; iompórtálacha ísle bia ainmhithe is cúis leis seo go príomhá.

Bhí gné na turasóireachta dár ngnó láidir freisin. Tháinig méadú 5.1% ar líon na bpaisinéirí farantóireachta go 1.8m agus méadú 8.3% ar líon na bhfeithiclí turasóireachta go 0.5m. Ó cuireadh stop le seirbhísí farantóireachta do phaisinéirí i nDún Laoghaire in 2014, tá na figiúirí seo ag méadú. Fáth eile leis an bhfás ná an infheistíocht a rinne ár mórchustaiméirí farantóireachta i longa breise agus i seirbhísí nua i ndiaidh gur stopadh de na seirbhísí i nDún Laoghaire.

Bhí fás láidir ar an turasóireacht chúrsála in 2015. Bhí 93 cuairt ann ó longa cúrsála in 2015 le linn na bliana, méadú 8.1% ar an mbliain roimhe sin. Ba é an méadú 11.4% ar olltonnáiste comhiomlán an ghné ba shuntasaí le linn na bliana, rud a tharla mar thoradh ar sinn a bheith in ann freastal ar líon níos mó long mór cúrsála atá níos mó ná 300m ar fad.

| | 2015 | 2014 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Cuairteanna Cúrsála | 93 | 86 | 8.1% |
| Paisinéirí agus Baill den Chriú | 148,891 | 140,579 | 5.9% |
| GT | 4,352,753 | 3,908,702 | 11.4% |

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS IN 2015

Is soláthróir bonneagair é Comhlacht Chalafort Átha Cliath agus is beag, go coibhneasta, a dhéanaimid ó thaobh gníomhaíochtaí oibriúcháin de. Tá giaráil ard oibriúcháin againn, mar sin, agus táimid ag tnúth le hathrú a theacht ar ioncam agus ar bhrabús go díreach mar gheall ar fhás ar thoilleadh.

Le linn 2015, bhí méadú 6.4% ar an méid a cuireadh tríd an gCalafort, rud a mhéadaigh ár n-ioncam 7.8% go €77.7m.

Laghdaigh Costais Oibriúcháin don bhliain 4.9% go €36.6m mar thoradh, go príomha, ar laghdú ar an muirear dímheasa don bhliain. Bhí dímheas luathaithe ar shócmhainní san áireamh i bhfigiúirí 2014.

Tá ioncam eile oibriúcháin ann in 2015 ar fiú €1.0m é mar gheall ar dheontas i gcabhair a fuarthas ón AE – faoi chlár an líonra tras-Eorpach iompair (TEN-T) – chun staidéar a dhéanamh i dtaca le Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra. Chomh maith leis sin, tá ioncam oibriúcháin eile ann ar fiú €0.8m in 2014 é agus €0.8m in 2015. Ardú ar luacháil réadmhaoin infheistíochta an Chomhlachta, P5, atá suite i bPáirc Gnó an Phointe Thoir, atá i gceist le suim 2015; baineann an brabús as diúscairt sócmhainní in 2014 le diúscairt leas an Chomhlachta i gCalafort an Ghrianfoirt.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
(ar lean)

Sa chomhthéacs seo, d'ardaigh an Brabús Oibriúcháin 18.8% go €42.9m agus d'ardaigh an Brabús roimh Cháin 20.3% go €41.9m.

| €'000 | 2015 | 2014 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | 77,674 | 72,089 | 7.8% |
| TRÚCDA | 49,306 | 43,243 | 14.0% |
| Brabús Oibriúcháin | 42,941 | 36,141 | 18.8% |
| Brabús roimh Cháin | 41,924 | 34,859 | 20.3% |
| Brabús i ndiaidh Cánach | 36,372 | 30,555 | 19.0% |

Mar sholáthróir bonneagair a mbíonn caiteachas ard caipitiúil i gcónaí le déanamh aige gan mhoill, tá giniúint airgid, Fáltas ó Chaipiteal Úsáidte agus fiachas glan mar phríomhthomhais ar láidreacht ár ngnó.

Le linn 2015, mhéadaigh Tuilleamh roimh Ús, Cháin, Dhímheas agus Amúchadh 14.0% go €49.3m de réir mar atá léirithe thíos.

| €'000 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 42,941 | 36,141 |
| Dímheas | 7,654 | 10,113 |
| Amúchadh | (489) | (491) |
| Ioncam Eile | (800) | (775) |
| Míreanna Eisceachtúla – brabús as sócmhainní a dhiúscairt | - | (1,745) |
| **TRÚCDA** | **49,306** | **43,243** |

Chomh maith leis sin, mhéadaigh ár bhFáltas ó Chaipiteal Úsáidte ó 12.3% in 2014 go 14.4% in 2015.

Ó rinneadh an comhlacht a chorprú i 1997, €18m an meánchaiteachas bliantúil caipitiúil atá againn. Cé go raibh ár gcaiteachas caipitiúil i bhfad níos lú ná sin le blianta beaga anuas, d'ardaigh sé in 2015 agus muid ag cur tús le clár infheistíochta ilbhliantúil de réir ár Máistirphlean 2012 go 2040.

In 2015, €17m an caiteachas caipitiúil le hais €9.4m in 2014.

Ag deireadh na bliana, bhí €35.1m mar airgead tirim glan againn le hais €16.9m ag deireadh 2014.

| €m | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Airgead tirim (taiscí gearrthéarmacha san áireamh) | €70.1m | €51.9m |
| Iasachtaíochtaí | (€35.0m) | (€35.0m) |
| **Airgead Tirim Glan** | **€35.1m** | **€16.9m** |

Mar gheall ar ár bhFáltas ó Chaipiteal Úsáidte a bheith láidir, ár dtaiscí d'airgead tirim a bheith ag éirí níos líonmhaire agus an tsaoráid fhadtéarmach fiachais ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa do €100m a comhaontaíodh ag deireadh na bliana, táimid i riocht daingean in 2016, agus beidh ina dhiaidh sin, ó thaobh an chlár leanúnach infheistíochta caipitiúla.

## IMEACHTAÍ LE LINN NA BLIANA

Ba é bronnadh cead pleanála ag an mBord Pleanála orainn le haghaidh Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra an t-imeacht ba shuntasaí in 2015. Beidh sé ar an tionscadal tógála aonair is mó i stair fhada an Chalafoirt: beidh uisce domhain ag an gCalafort, beidh acmhainn bhreise ann do lastas róró, agus beifear in ann na longa cúrsála is mó ar domhan a láimhseáil. Is rudaí iad seo go léir atá riachtanach le cur lenár ngnó agus le geilleagar na tíre sa todhchaí.

Chomh maith le cead pleanála a fháil, thugamar i gcríoch saoráid fhadtéarmach iasachta €100m ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa agus fuaramar gealltanas i dtaca le deontas €23m ón AE faoi Shaoráid Nascadh na hEorpa. Mar thoradh ar na rudaí sin ar fad le chéile, mar aon leis an sreabhadh maith airgid atá againn, beimid in ann an mórchlár oibreacha caipitiúla a chur i bhfeidhm sna deich mbliana atá romhainn gan ach baol íseal ann do chobhsaíocht airgeadais an Chomhlachta.

Ó thaobh oibriúcháin de, tugadh céim shuntasach chun cinn nuair a thángamar ar dhóigh le longa cúrsála níos faide ná 300m a thabhairt isteach sa Chalafort go sábháilte (seo longa atá rófhada le tiontú thart san abhainn). Mar gheall ar sin, tháinig méadú mór ar ár ngnó cúrsála le linn na bliana, rud a thugann ioncam nach beag anois isteach sa Chomhlacht.

Rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le tionscadail a thabhairt i gcríoch a chuideoidh leis an gCalafort a imeascadh an athuair leis an gCathair (rud atá geallta inár Máistirphlean) tríd an Tumchlogad athchumraithe ar Ché Sir John Rogerson a oscailt.

Mar fhocal scoir i dtaca leis an bhfeidhmíocht airgeadais, ba í 2015 an bhliain deiridh a fuaramar sciar den bhrabús ó oibriúchán Dhroichead an Nasc Thoir. Fuaramar €1.4m i mbliana, rud a fhágann gur €26.8m san iomlán atá faighte againn faoinár gcomhaontú i dtaca le Droichead an Nasc Thoir.

## AN LÉARGAS DO 2016

Sna trí bliana suas go dtí deireadh 2015, tá fás 17.3% tagtha ar ár dtoilleadh, mar gheall go bhfuil biseach tagtha ar gheilleagar na hÉireann.. Tugann an méid seo le fios go bhfuil an ghaolmhaireacht láidir go fóill ann idir gníomhaíocht eacnamaíochta agus méid an ábhair a chuirtear tríd an gCalafort, agus gur féidir linn a bheith ag tnúth le tuilleadh fás suntasach ar an méid ábhair a chuirfear tríd sna blianta beaga atá romhainn agus geilleagar na hÉireann ag fás leis

Caithfimid leanacht ar aghaidh in 2016, mar sin, de bheith ag cur acmhainní ar fáil don fhás sa todhchaí. Tá sé de rún againn crios seachtrach a fhorbairt do lóistíocht an chalafoirt sa dóigh gur féidir, sa chéad dul síos, seirbhísí a bhaineann leis an gcalafort ach nach croísheirbhísí iad a aistriú amach ó thailte an Chalafoirt go dtí áit eile níos cóngaraí do na ballaí cé, agus ansin acmhainn bhreise stórála a chur ar fáil do lastais trasdula a aistrítear níos moille.

Ó thaobh cúrsaí trádála de, táimid ag tnúth le méadú léanúach ar an méid ábhar aonadaithe a chuirtear tríd an gCalafort agus go leanfar leis an bhfás ar bhreoslaí bithmhaise le cumhacht a ghiniúint.

Tabharfar céim mhór eile chun cinn in 2016 ó thaobh trácht cúrsála de agus beidh Baile Átha Cliath ar an áit is mó tóir uirthi in Éirinn ag longa cúrsála. Athrófar ó bhun ár ngnó cúrsála agus cuirfidh sé go mór le hioncam an Chomhlachta.

I gcomhthéacs athstruchtúrú san earnáil peitriliam, leanfaimid orainn de bheith ag lorg deiseanna le háiseanna stórála an Chalafoirt a comhdhlúthú agus níos lú spáis a úsáid chun talamh a chur ar fáil le stórais trasdula a chur ar fáil do chineálacha eile lastais.

An pointe deiridh atá le déanamh maidir leis an cúrsaí seo ná go leanfar lenár n-iarrachtaí leis an gCalafort a imeascadh an athuair le saol na Cathrach trí réimse tionscnamh de chineálacha éagsúla, lena n-áirítear tionscadal ceoil Starboard Home a choimisiúnú, Ionad Mairnéalach d'ardchaighdeáin a oscailt, agus tús a chur le tionscadal le hIonad an Chalafoirt a oscailt amach ar Bhóthar an Bhalla Thoir. Leis an tionscadal deireanach seo, athrófar ó bhun aghaidh eastát an Chalafoirt agus an dóigh a gcuirtear i láthair é i gcomhthéacs Cheantar na nDugaí trí chéile, ceantar atá ag forbairt go tapa.

## PLEANÁIL FHADTÉARMACH

Ag féachaint chun cinn ó 2016 amach, déanfaimid athbhreithniú ar ár bpleananna fhadthéarmacha fhorbartha bunaithe ar imeachtaí na bliana seo caite agus ar na treochtaí a bhfuil na himeachtaí sin mar dhearbhú dóibh.

Ar láimh amháin, tá ag géarú ar mo thuairim go gcaithfear an meánráta fáis bliantúil suas go dtí 2040 atá luaite sa Mháistirphlean, 2.5%, a athbhreithniú, agus é a ardú. Ag an ráta 2.5%, 60m olltonna an toilleadh réamh-mheasta do 2040. Is dócha go n-ardófar an figiúr tábhachtach pleanála seo in 2016 go 3.3%. Is iad na mór-impleachtaí a bhaineann leis sin go mbeidh orainn pleanáil a dhéanamh le bheith in ann 60m olltonna a láimhseáil faoi 2031 agus 77m olltonna faoi 2040.

Ar an láimh eile, creidimid go mbeimid in ann go leor acmhainní a chur ar fáil taobh istigh de theorainneacha reatha an Chalafoirt ach na trí rud seo a leanas a dhéanamh:

- Beartas Saincheadúnas 2014 maidir le gníomhaíochtaí nach croíghníomhaíochtaí iad a aistriú amach ón gCalafort a chur i bhfeidhm
- Crios lóistíochta seachtrach mór atá nasctha leis an mótarbhealach a fhorbairt gar don Chalafort.
- Tailte calafoirt ar Leithinis an Phoill Bhig a fhorbairt, ag tosú cúig bliana ón lá inniu.

Ach na rudaí seo go léir a dhéanamh, creidim gur féidir linn aon phlé faoi shíneadh ar an gCalafort trí inlíonadh i gCuan Bhaile Átha Cliath a chur siar go dtí 2030. Formhuiniú suntasach a bheidh ann maidir leis an ngealltanas atá déanta againn sa Mháistirphlean an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as na tailte atá ar fáil faoi láthair sula smaoineofar ar chor ar bith ar shíneadh níos faide amach sa chuan.

**Eamonn O'Reilly**
An Príomhfheidhmeannach

31ú Márta, 2016

## Inlíonfar Bearta 52 agus 53 le cur leis an spás stórála ar tír

Mar chuid den athfhorbairt atá beartaithe, déanfar scartáil ar Bhearta 52 agus 53, ar an gcé ag Beart 52 agus ar an deilfín coincréite ag Beart 53, agus bainfear ar shiúl iad go léir.

Cuirfimid tús le hobair ar na nithe seo a leanas: tógáil beart abhann 300m ar fad san áit a bhfuil Bearta 52 agus 53, tógáil cé feistithe 40m ar fad le Beart 49 a shíneadh, agus inlíonadh Báisín Róró Chríochfort 5 (achar 45,650m2). Obair eile a dhéanfar mar chuid den tionscadal seo is ea leibhéal na talún sa cheantar a ardú ar thart ar 1.4m ar achar 95,000m2, agus dreidireacht go doimhneacht 10.0m faoin Tagar Cairte le beart nua abhann a dhéanamh.

# Níos m stórála agus beart





# ó spás nua abhann

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá Tuarascáil Bhliantúil na Stiúrthóirí á cur i láthair againn in éineacht le ráitis iniúchta airgeadais an Chomhlachta don bhliain airgeadais dar críoch an 31ú Nollaig, 2015.

### FREAGRACHT NA STIÚRTHÓIRÍ AS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann.

De réir dhlí na hÉireann, tá dualgas ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i dtaca le gach bliain airgeadais, ráitis a thugann léargas fírinneach, cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais sin. De réir an dlí, tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na Stiúrthóirí de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairisciú Airgeadais 102 (CTA 102) arb é an caighdeán tuairisciú airgeadais é atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus i ndlí na hÉireann).

De réir dhlí na hÉireann, ní fhaomhfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ach amháin sa chás ina bhfuil siad sásta gur léiriú fírinneach, cothrom iad ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar riocht airgeadais an Chomhlachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá dualgas ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh;
- a chur in iúl cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuí cuntasaíochta agus na caighdeáin atá i gceist a lua, faoi réir rud ar bith ábhartha nach bhfuil ag teacht leis na caighdeáin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás ina mbeadh sé mí-oiriúnach a bheith den tuairim go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ar leor iad leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- idirbhearta an Chomhlachta a thaifead agus a mhíniú i gceart;
- gur féidir, am ar bith, sócmhainní, dliteanais, riocht airgeadais agus brabús nó caillteanas an Chomhlachta a dhearbhú go réasúnta cruinn; agus
- na Stiúrthóirí a chur ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus, mar sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Ta na Stiúrthóirí freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta agus as an bhfaisnéis sin a nuashonrú nuair is gá. Féadfaidh sé go bhfuil an reachtaíocht a rialaíonn ullmhú agus craobhscaoileadh ráitis airgeadais i bPoblacht na hÉireann difriúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

### STÁDAS DLÍTHIÚIL

Is Comhlacht le dliteanas teoranta é Comhlacht Chalafort Átha Cliath a bunaíodh de bhun an Achta Cuanta, 1996. Ar an 3ú Márta, 1997 tháinig an Comhlacht i gcomharbacht mar aonán ar Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath, an t-iaraonán reachtúil a bhí freagrach as Calafort Átha Cliath. Ar an dáta sin, ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath air féin feidhmeanna an eagrais a bhí ann roimhe agus fuair sé a chuid sócmhainní agus dliteanas ar luach a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Mar chomaoin as na sócmhainní agus as na dliteanais, d'eisigh an Comhlacht scairchaipiteal arbh fhiú €7.648m é don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26ú Iúil, 1997, bunaíodh an Comhlacht mar an t-údarás píolótaíochta i gCuan Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh an fhreagracht a bhí ar an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha as Earnáil na gCalafort Tráchtála go dtí an tAire Iompair le héifeacht ón 1ú Eanáir, 2006.

OAr an 12ú Iúil, 2011, d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan go Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 361 de 2011.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath aistriú earraí agus paisinéirí tríd an gCalafort a éascú, mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann leo.

Cuireann an Comhlacht bonneagar, saoráidí, seirbhísí agus talamh daingean ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí chun gur féidir earraí agus paisinéirí a aistriú go héifeachtúil idir modhanna iompair ar tír agus ar muir.

Is ar na dóigheanna seo a leanas a ghintear ioncam as na saoráidí seo a chur ar fáil: dliteanais ar shoithí, dliteanais ar earraí, cíos agus seirbhísí lárnacha amhail tarraingt agus píolótaíocht.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Ar na bearta atá déanta ag na Stiúrthóirí lena chinntiú go bhfuiltear ag déanamh de réir oibleagáid an Chomhlachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, cinntítear go bhfuil córais agus gnáthaimh oiriúnacha i bhfeidhm agus go bhfuil daoine cumasacha fostaithe. Bíonn na taifid chuntasaíochta á gcoinneáil in oifig chláraithe an Chomhlachta: Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tá sonraí faoin mbrabús in 2015, mar aon le figiúirí comparáideacha don bhliain 2014, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus sna nótaí a ghabhann leis. Tá Príomhtháscairí d'Fheidhmíocht Airgeadais an ghnó leagtha amach thíos agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

32.8 milliún tonna d'ábhar a cuireadh tríd an gCalafort, 6.4% níos mó ná 2014 (2014: 30.9 milliún tonna). Bhí fás 6.4% ar an méid ábhair a easpórtáladh go 13.3 milliún tonna (2014: 12.5 milliún tonna) agus tháinig fás 6.5% go 19.5 milliún tonna (2014: 18.4 milliún tonna) ar ábhar iompórtála.

€77.7m an láimhdeachas a bhí ann in 2015, méadú 7.8% le hais na bliana roimhe sin (2014: €72.1m).

Laghdaigh na Costais Iomlána Oibriúcháin go €36.6m in 2015 ó €38.5m in 2014. Tá an t-athrú seo ann go príomha mar gheall ar mhuirear dímheasa níos ísle mar thoradh ar dhímheas luathaithe sócmhainní in 2014. Tá an laghdú seo díscríofa i bpáirt ag costais níos airde pinsin atá bainte den Bhrabús Oibriúcháin mar thoradh ar shochar níos ísle iarsheirbhíse mar gheall ar an tobhach pinsin.

D'ardaigh an Brabús Oibriúcháin go €42.9m in 2015 ó €36.1m in 2014, rud a d'fhág go raibh Corrlach Oibriúcháin 55% ann (2014: 50%).

€1.0m na costais ghlana airgeadaithe a bhí ann (2014: €1.3m). Laghdaigh costais airgeadaithe an easnaimh sa chiste pinsin ó €254k go €184k, rud a tharla mar gheall ar laghdú sa bhonn tuisceana faoin ráta lascaine. €0.8m na táillí glana úis a bhí le híoc (2014: €1.0m) agus is é 51 clúdach úis an Chomhlachta (2014: 34), bunaithe ar Bhrabús roimh Ús agus CHánachas thar mhuirir ghlana úis. Mhéadaigh Airgead Tirim Glan ó €16.9m in 2014 go €35.1m in 2015 agus tá an Comhlacht lán-chomhlíontach le gach cúnant i dtaca lena shaoráidí iasachtaíochta.

€36.4m an brabús a bhí ann sa bhliain airgeadais (2014: €30.6m).

Mhéadaigh an Cúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €268.7m amhail an 31ú Nollaig, 2014 go €313.2m, agus mhéadaigh Ciste na Scairshealbhóirí ó €284.0m go €328.5m sa tréimhse chéanna.

34.4 milliún tonna an sprioc atá ag an gComhlacht don bhliain 2016 maidir leis an méid ábhair a chuirfear tríd an gCalafort. Cuireadh 32.8 milliún tonna tríd in 2015, 1.2% níos mó ná an sprioc 32.4 milliún tonna.

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMHÉIGINNTEACHTAÍ

Ábaltacht an Chomhlachta go leor acmhainní a chur ar fáil don mhargadh is ea ceann de na príomhéiginnteachtaí a luaíodh i dtuarascálacha roimhe seo. Chuaigh an Comhlacht i mbun próiseas cuimsitheach Máistirphleanála in 2011. Chuathas i gcomhairliúchán go foirmiúil le gach páirtí leasmhar agus Máistirphlean 2012-2040 an toradh a bhí ar an bpróiseas sin i mí Feabhra 2012. Tá mapa leagtha amach sa Mháistirphlean don fhorbairt amach anseo, rud a chinnteoidh go mbeidh an Calafort in ann a phríomhról a chomhlíonadh, mar atá an trádáil a éascú, agus cúrsaí comhshaoil a thabhairt san áireamh san am céanna, agus an dóigh a imeascfar an Calafort leis an gCathair agus lena chomharsana sna blianta atá romhainn a leagan amach.

I mí an Mhárta 2014 chuir an Comhlacht iarratas pleanála isteach chuig an mBord Pleanála de réir na reachtaíochta ar Bhonneagar Straitéiseach. Is é atá i gceist leis an iarratas ná an chéad mhórchuid den Mháistirphlean a bhaineann le hathfhorbairt shuntasach Bháisín Alexandra a chur i bhfeidhm. Beidh soláthar bearta úra ilfheidhme i Síneadh na Cé Thuaidh i gceist leis an togra seo, mar aon le feabhsú na mbeart atá i

# Tuarascáil na Stiúrthóirí
(ar lean)

mBáisín Alexandra faoi láthair agus soláthar acmhainneachta breise láimhseála do thrádáil bhuilc agus aonadaithe araon. Beifear ag iarraidh an bealach loingseoireachta atá ann cheana féin a dhoimhniú go lúide deich méadar. Is togra suntasach stairiúil é seo a chinnteoidh go mbeidh an Calafort in ann don todhchaí ó thaobh a acmhainneachta de chun freastal ar shoithí níos mó a bhfuil tarraingt níos doimhne acu. Thug an Bord Pleanála cead pleanála maidir leis an tionscadal seo i mí Iúil 2015. Faoi láthair, tá an Comhlacht ar lorg na gceadanna breise atá de dhíth maidir le Ceadúnas Urthrá, Ceadúnas Dumpála san Fharraige agus Ceadúnas faoin Treoir um Astuithe Tionsclaíocha.

I bhfianaise na titime sa trádáil sa dara leath de 2008 agus in 2009, is léir go bhfuil an Comhlacht neamhchosanta, mar gheall ar ghnáthchúrsa a chuid oibríochtaí, ar an tionchar atá ag cúlú eacnamaíochta ar ghníomhaíochtaí an Chalafoirt. Tá fás 17% agus tuilleadh tagtha ar an méid ábhair atá á chur trí Chalafort Átha Cliath le trí bliana anuas, rud a chinntíonn go bhfuil na leibhéil trádála 6.2% níos airde anois ná an buaicleibhéal a bhí ann in 2007. Is léir go mbeidh tionchar ag na hionchais i dtaca le geilleagar na hÉireann trí chéile de ar ionchais fáis an Chomhlachta féin sa todhchaí.

Tá an Comhlacht neamhchosanta freisin ar an tionchar a bheadh ag cúlú eacnamaíochta ar a ghníomhaíochtaí neamhlárnacha. Mar fhianaise air sin tá an laghdú ar luach réadmhaoin infheistíochta an Chomhlachta i bPáirc Gnó an Phointe Thoir ó €10.9m in 2001 go €4.4m ag deireadh 2013. Rinne ár gcomhairleoirí réadmhaoine an mhaoin a luacháil arís ag deireadh 2015 agus ardaíodh an luacháil €0.8m go €5.9m. €5.0m an laghdú carnach ar an luach faoi láthair.

Tá an Comhlacht tiomanta a neamhchosaint ar rioscaí a bhainistiú go rathúil agus a dtionchar ar ghnóthú ár gcuspóirí gnó a íoslaghdú. In 2012 athbhunaíodh an Coiste Iniúchóireachta mar an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí. Leasaigh an Bord téarmaí tagartha an Bhoird le bheith ag teacht le ról an Choiste mar thaca don Bhord agus neamhchosaint an Chomhlachta ar rioscaí á bainistiú. Déanfar an Clár Rioscaí a nuashonrú in 2016 agus déanfar Beartas um Bainistiú Rioscaí a athcheapadh le bheith ag teacht leis an gClár nuashonraithe.

Tá Creat Bainistiú Rioscaí ag an gComhlacht atá comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas;

- Próisis le rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú,
- Measúnú leanúnach ar rioscaí agus tomhas rioscaí,
- Monatóireacht ar rioscaí agus iad a chur in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí mar fhochoiste den Bhord.

Chomh maith leis sin, déantar riosca foriomlán feidhmíochta gnó a bhainistiú trí na bearta seo a leanas;

- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana,
- Tuairisciú Míosúil agus Anailís ar Athraitheas,
- Rialuithe Airgeadais,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta agus
- Beartais, Caighdeáin agus Treoirlínte sonraithe a chuidíonn le rioscaí a rialú agus a mhaolú.

## BAINISTIÚ RIOSCAÍ AIRGEADAIS

Mar gheall ar a chuid oibríochtaí, tá an Comhlacht neamhchosanta ar éagsúlacht de rioscaí airgeadais, ina measc rioscaí i dtaca le hathluacháil airgeadraí, rátaí úis, creidmheas, leachtacht agus sreabhadh airgid. Déantar athbhreithniú go rialta ar bheartais leis an gComhlacht a chosaint ar rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht as monatóireacht ar bhainistiú rioscaí airgeadais tarmligthe ag na Stiúrthóirí chun fochoiste de chuid an Bhoird; is é an Bord Stiúrthóirí a leagann na Beartais amach agus cuireann Rannóg Airgeadais an Chomhlachta i bhfeidhm iad.

**Riosca Leachtachta agus Sreabhadh Airgid:**
Coinníonn an Comhlacht meascán de mhaoiniú gearrthéarmach agus fadthéarmach fiachais aige féin lena chinntiú go mbíonn go leor maoinithe ar fáil fá choinne infheistíochta caipitiúla beartaithe. Ag deireadh 2015 bhí saoráidí tiomanta de luach €15 mhilliún i bhfeidhm ag an gComhlacht ach níor tarraingíodh astu. Chuir an Comhlacht saoráid iasachtaíochta i bhfeidhm in 2012 in áit an fhiachais a bhí aige agus ar mhaithe le cur leis an tréimhse ama a bhaineann leis. Tá an tsaoráid seo le haisíoc faoi Aibreán 2017.

I mí na Nollag 2015, shínigh an Comhlacht Conradh Airgeadais le Banc Infheistíochta na hEorpa maidir le saoráid airgeadais de €100m do thionscadail. Saoráid 20 bliain atá ann agus ní raibh aon rud tarraingthe síos uaithi faoi dheireadh na bliana.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhlacht torthaí a chuid infheistíochtaí a uasmhéadú trí aon iarmhéideanna airgid sa bhreis a chur i dtaisce airgid a mbaineann riosca íseal leis ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainordú cistíochta i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

**Riosca Creidmheasa:**
Bíonn an Comhlacht neamhchosanta ar riosca creidmheasa agus é i mbun trádála. Chun an riosca seo a bhainistiú, déanann sé na seiceálacha cuí creidmheasa ar chustaiméirí ionchasacha agus ní bhíonn sé ag trádáil ach amháin le tríú páirtithe a n-aithnítear iad a bheith daingean ó thaobh creidmheasa de.

**Riosca Rátaí Úis:**
D'fhonn neamhchosaint an Chomhlachta ar dhrochathruithe suntasacha ar rátaí úis a bhainistiú, tá sé mar pholasaí aige rátaí seasta úis a bheith aige i gcás 60 faoin gcéad, ar a laghad, dá fhiacha (2014: 60 faoin gcéad). D'fhonn an cuspóir seo a ghnóthú, tá comhshocruithe malartaithe i bhfeidhm aige maidir le rátaí úis.

**Riosca Athluachála Airgeadraí:**
Is in Euro a dhéanann an Comhlacht an chuid is mó dá ghnó agus tá sé cosanta go maith mar sin ar athruithe ar luach airgeadraí iasachta. Nuair a fhaigheann an Comhlacht iasacht, is in Euro a bhíonn sé.

## IMEACHTAÍ Ó BHÍ DEIREADH NA BLIANA AIRGEADAIS ANN

Ní raibh aon imeacht ann idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta a d'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais.

## FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Tá Clár buiséadaithe Infheistíochta Caipitiúla €87.7m ag an gComhlacht don bhliain 2016. Tá €35.5m le haghaidh Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra san áireamh sa Chlár.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ

Ba é €36.4m brabús an Chomhlachta sa bhliain airgeadais. Is mar seo a leanas a rinne na Stiúrthóirí leithdháileadh agus moltaí maidir leis an méid sin:

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn Eatramhach de €0.76 (2014: €0.69) in aghaidh na gnáthscaire íoctha | 8,800 | 8,000 |
| Méadú ar an mBrabús a Coinníodh | 27,572 | 22,555 |
| **Brabús sa Bhliain Airgeadais** | **36,372** | **30,555** |

Níl sé de rún ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

## LEAS NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS AN RÚNAÍ

Ní raibh aon leas do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí ag baint le scairchaipiteal an Chomhlachta ar an 31ú Nollaig, 2015 agus 2014.

## AN TACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

Tá sé mar pholasaí ag an gComhlacht soláthróirí a íoc de réir théarmaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha i mBearta Tráchtála), 2002 agus de réir Acht na nÍocaíochtaí Prasa, 1997.

Chun na críche sin, déanann an Comhlacht íocaíochtaí ar bhealach a dhearbhaíonn, go réasúnta, nach mbímid thíos leis mar gheall ar neamh-chomhlíonadh ábhartha na Rialachán. 30 lá an ghnáth-thréimhse chreidmheasa, ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt i gcomhshocruithe conartha. Go substaintiúil, rinneadh gach íocaíocht de réir lín agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar a éilíodh. Mar thoradh air sin, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil riachtanais an Achta comhlíonta ag an gComhlacht.

## STIÚRTHÓIRÍ

Tá liosta le fáil thíos de na daoine a bhí mar Stiúrthóirí aon am i rith na bliana dar críoch an 31ú Nollaig, 2015.

L McCaffrey
E O'Reilly
P Bates
H Collins
E Finnan
G Darling
P Magner
J Moore

## AN CAIDREAMH LE SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Bíonn an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí i mbun plé leanúnach le scairshealbhóirí an Chomhlachta maidir le feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus ceisteanna straitéiseacha. Bíonn cead de dhíth ón Aire Iompair agus/nó ón Aire Airgeadais maidir le ceisteanna áirithe sonraithe agus bítear i dteagmháil leanúnach leis an Aire cuí tríd an roinn chuí. Cuireann an Cathaoirleach tuairiscí chuig an Aire Iompair de réir mar a éilítear le hAlt 28 d'Acht na gCuanta, 1996 agus de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí
(ar lean)

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun an caighdeán is airde a bhaint amach i rialachas corparáideach agus tá glactha aige leis na prionsabail rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Déanann an Comhlacht freisin de réir a chuid dualgas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Is Stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha iad formhór na Stiúrthóirí agus is é/í an tAire a cheapann. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn míosúil agus bíonn sceideal foirmiúil ceisteanna ann a gcaithfidh an Bord féin go sonrach cinneadh a dhéanamh mar gheall orthu. Is é an Bord atá freagrach as cumhachtaí uile an Chomhlachta a fheidhmiú, seachas iad sin atá ag na Scairshealbhóirí amháin, agus is é an Bord atá freagrach as oibríochtaí uile an Chomhlachta. Féadfaidh an Bord na cumhachtaí aige a tharmligean, de réir mar is cuí, dar leis, chun Coiste Boird nó chun an Phríomhfheidhmeannaigh faoi réir cibé srianta nó rialúchán a chuireann sé féin i bhfeidhm mar chuid den tarmligean sin. Faoi réir chead an aire i gcásanna áirithe, tá cead foirmiúil tugtha ag an mBord cinntí a fhorchoimeád i dtaca le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialú, Airgeadas, Soláthar, Oibríochtaí agus Ceapacháin Acmhainní Daonna. Faigheann an Bord comhairle ó Rúnaí an Chomhlachta agus tá fáil aige ar sheirbhísí an Rúnaí; is féidir leis an mBord comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar gá a bheith lena leithéid.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste seo in 2012 mar an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí. Leagtar amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus ballraíocht an Choiste mar aon lena chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchóireacht sheachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchóireacht inmheánach. Ba iad Emer Finnan (Cathaoirleach), Helen Collins agus Pat Magner baill an Choiste i mbliana. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le chéile ceithre huaire le linn na bliana.

Bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair i 1999 freisin. Ba iad Lucy McCaffrey (Cathaoirleach), Pat Magner agus Geoffrey Darling baill an choiste i gcaitheamh na bliana. Bíonn an Coiste ag feidhmiú de réir théarmaí foirmiúla tagartha agus tháinig siad le chéile uair amháin le linn na bliana. I mí an Mhárta 2015, bhunaigh an Bord Coiste an Bheartas Comhshaoil chun cuidiú leis athbhreithniú agus tuairisciú ginearálta a dhéanamh don Bhord maidir le beartais a théann i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí agus ar oibríochtaí an chomhlachta in éagsúlacht de réimsí, ina measc, reachtaíocht an AE agus na hÉireann, an beartas iompair ag leibhéal an AE agus náisiúnta araon, agus an beartas iomaíochta. Ba iad Paul Bates (Cathaoirleach), Lucy McCaffrey, John Moore agus Eamonn O'Reilly baill an choiste le linn na bliana.

## FREASTAL AR CHRUINNITHE

Bhí 12 Chruinniú Ghinearálta Boird ann sa bhliain dar críoch an 31ú Nollaig, 2015.

Is é seo a leanas tinreamh na Stiúrthóirí ag na cruinnithe Boird:

| Boird | láthair | dteideal a bheith ina láthair |
|---|---|---|
| L McCaffrey | 9 | 12 |
| E O'Reilly | 12 | 12 |
| P Bates | 12 | 12 |
| H Collins | 12 | 12 |
| E Finnan | 11 | 12 |
| G Darling | 12 | 12 |
| P Magner | 9 | 12 |
| J Moore | 12 | 12 |
| **An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí** | | |
| E Finnan | 4 | 4 |
| H Collins | 4 | 4 |
| P Magner | 2 | 4 |
| **An Coiste Luach Saothair** | | |
| L McCaffrey | 1 | 1 |
| G Darling | 1 | 1 |
| P Magner | 1 | 1 |
| **Coiste an Bheartas Comhshaoil** | | |
| P Bates | 1 | 1 |
| L McCaffrey | 1 | 1 |
| E O'Reilly | 1 | 1 |
| J Moore | 1 | 1 |

## SPEANSAIS NA STIÚRTHÓIRÍ

Íocadh €2,094 i speansais leis an mBord le linn na bliana maidir le speanais eile.

## RIALUITHE INMHEÁNACHA

Is é an Bord atá freagrach go foriomlán as na córais rialaithe inmheánaigh sa Chomhlacht. De réir na gcóras áirithe atá i bhfeidhm ag an gComhlacht, ní féidir ach dearbhú réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhú iomlán, go bhfuil bearta á ndéanamh de réir údarú na mbainisteoirí go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil calaois coiscthe agus go bhfuil taifid chearta airgeadais coinnithe. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe aige.

D'fhonn a chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtach, tá seirbhísí faighte ó dhaoine cáilithe agus na dualgais éagsúla tarmligthe chucu mar is cóir.

Áirítear ar na córais rialaithe inmheánaigh:

- Próiseas chun rioscaí gnó a aithint agus luacháil a dhéanamh ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo trí athbhreithniú rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tá an próiseas a bhaineann le Creat Bainistiú Rioscaí an Chomhlachta leagtha amach thuas faoin gceannteideal "Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí". Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is deireanaí don tréimhse 2012 go 2016 i mí Eanáir 2012;
- Buiséad bliantúil, faofa ag an mBord, agus plé míosúil ar na torthaí iarbhír le hais na réamhinsintí buiséid;
- Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé in éineacht leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasaíochta an Chomhlachta, a fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, na beartais chuntasaíochta a roghnaíodh, na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúchóirí, tuairisciú airgeadais agus ceisteanna gaolmhara eile;
- Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar na príomhphróisis agus ar na príomhrialuithe gnó;
- Cóid fhoirmiúla iompair do Stiúrthóirí agus d'fhostaithe;
- Beartais agus gnáthaimh sholáthair. Cinntítear leo seo go ndéantar gach rud a bhaineann le soláthar seirbhísí sa chéad dul síos ar bhealach a chinntíonn luach ar airgead ó thaobh na gcostas de a bhaineann leis na seirbhísí sin ar feadh an ama a mhaireann siad, agus sa dara dul síos, go gcomhlíontar na Treoirlínte Stáit agus na Treoracha AE ar fad a bhaineann le Fóntais Phoiblí.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus níor nochtadh aon laige shuntasach rialaithe arbh ghá don Bhord a aird a dhíriú air láithreach toisc í a bheith ina riosca suntasach maidir le caillteanas airgeadais nó a bheith ag cur isteach ar oibríochtaí.

## TABHARTAIS PHOLAITÍOCHTA

Níor thug an Bord aon tabhartas polaitíochta i gcaitheamh na bliana.

## SINIÚCHÓIRÍ REACHTÚLA

Tá sé curtha in iúl ag an Iniúchóir, PricewaterhouseCoopers, go bhfuil sé sásta leanacht ar aghaidh i mbun oibre. Molfar rún lena athcheapadh ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

*Ar Son an Bhoird*

**Lucy McCaffrey**
**Eamonn O'Reilly**

31ú Márta, 2016

# Cé nua ar fad a
# nua

Mar chuid d'athfhorbairt Bháisín Alexandra Thiar, soláthróimid cé nua róró 250m ar fad, mar aon le dhá bheart nua róró

# róró 250m agus dhá bheart róró

